

Áine Uí Dhubhshláine Tobar Mologa

©Áine Uí Dhubhshláine



Tá Tobar Mologa i gCorca Dhuibhne (Co Chiarraí)

Bí ag Léamh(Teanga –Léitheoireacht)

Seo scéal atá ag muintir na háite faoi Thobar Mologa:

Chuaigh bean go dtí Tobar Mologa lá amháin. Tobar beannaithe is ea an tobar sin, dar le muintir Chorca Dhuibhne.

Chuir an bhean a buicéad isteach san uisce agus líon sí é.

Thug sí an buicéad uisce abhaile léi. Theastaigh uaithi an t-uisce a bheiriú. Bhí breac sa tobar, áfach, agus i ngan fhios don bhean, bhí an breac anois sa bhuicéad.

Ní fhéadfaí an t-uisce a bheiriú. Bhí ar an mbean dul ar ais go dtí an tobar agus an t-uisce agus an breac a chaitheamh ar ais isteach sa tobar.

Bí ag Smaoineamh/ Bí ag plé (Teanga ó Bhéal)

An bhfeiceann tú an tobar sa phictiúr?

An bhfeiceann tú an chloch os a chionn? Céard a fheiceann tú ar an gcloch?

An bhfuil tobar nó caisleán nó aon áit stairiúil i do cheantar féin?

An bhfuil aon seanscéal ar eolas agat faoi thaibhse nó faoi na síoga?

Ar fhéach tú riamh ar an suíomh gréasáin **dúchas.ie**? (**OSIE-Stair**)

Tá scéalta ann (idir Bhéarla agus Ghaeilge) a bhailigh páistí scoile ó sheandaoine san 1930idí. Féach ar an suíomh seo agus déan cuardach. Is féidir do chontae a chur isteach nó is féidir topaic a chur isteach (mar shampla, *taibhse* nó *lios* nó *tobar* ...)

An bhfuil aon scéal spéisiúil ann ó do chontae féin?

Feicim le mo shúilín rud ag tosú le guta (**Cluiche teanga**)

Bí ag Scríobh (Teanga –Scríbhneoireacht)

1.

Lig ort gur staraí tú.

Inis scéal gairid faoi áit éigin i do cheantar féin nó faoi rud éigin a tharla i do cheantar fadó

nó

Roghnaigh scéal ar bith a thaitin leat ó **dúchas.ie** (nó is féidir leat do scéal féin a chumadh más fearr leat).

Scríobh dán nó scéal nó dráma beag faoi.

Is féidir leat é seo a úsáid mar thús, más mian leat ...

Úna: An rachaimid abhaile trí Pháirc na Síóg inniu, a Chonaill?

Conall: Maith go leor. B'fhéidir go bhfeicfimis síoga.

Úna: Ní chreidim go bhfuil a leithéid ann.

Conall: Mise ach an oiread. Nílím ach ag magadh.

Scéalaí: Ar aghaidh leo beirt trasna na páirce. Go tobann, chuala siad Tic tac. Tic tac. Tic, tac. D'fhéach siad thart. Chonaic siad fear beag ina shuí faoi chrann i lár na páirce. Bhí cóta agus bríste glas air. Bhí hata glas air. Bhí bróg agus casúr ina lámha aige.

Úna: Cé tusa? ...

2.

Déan pictiúr d'áit stairiúil i do cheantar féin (**Ealaíon /Stair**)

nó

Déan pictiúr a théann le do scéal (nó dán no dráma) (**Ealaíon**)

nó

Bí ag Plé : Seo ceantar Gaeltachta I gCiarraí – Bhfuil aithne againn ar aon cheantar eile Gaeltachta nó ar thug aon duine cuairt ar aon cheantar Gaeltachta ? (**OSIE-Tír Eolais**)

©Áine Ní Ghlinn